# Seirbhís Urnaí/Tionól le Tús a Chur le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2020

## Cad a Bheidh Uait

- Coinneal mhór leis na focail seo scríofa air: cineálta cairdiúil; aire don chomhshaol; aire dár muintir; mair ar nós Íosa; buíochas le Dia as gach ar bronnadh orainn (féach an leathanach deiridh).
- Áit urnaí ina mbeadh Bíobla oscailte agus coinnleoir don choinneal.
- Duine leis an gcoinneal lasta a iompar isteach san áit urnaí.
- Beirt léitheoirí, agus seachtar páiste leis na fógraí seo a thaispeáint: cineálta; cairdiúil; aire don chomhshaol; aire dár muintir; buíochas le Dia; as gach ar bronnadh orainn; mair ar nós Íosa.
- Cúigear a léifidh an idirghuí.



Is féidir an tseirbhís urnaí seo a úsáid ag tosach, i lár, nó ag deireadh Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2020. Is féidir é a reáchtáil sa seomra ranga, i halla na scoile, nó sa seomra urnaí. Is féidir cuireadh a thabhairt do phobal an pharóiste bheith i láthair, don sagart, nó don séiplíneach. Is féidir cuireadh a thabhairt do na tuismitheoirí nó do na seantuismitheoirí páirt a ghlacadh i gceiliúradh na seachtaine, chomh maith.

**Ceannaire:** Dia daoibh ar maidin/anseo a chairde, agus fáilte isteach chuig an tráth urnaí seo nuair a chuirimid tús/deireadh le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2020. Cuirimid tús lenár n-urnaí in ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh. Amen.
Bímis ciúin i láthair Dé, ar feadh nóiméid ...

## Amhrán Tosaigh

Roghnaigh iomann a dhéanann uathúlacht na scoile Caitlicí a cheiliúradh más féidir, le tús a chur leis an tseirbhís. Is Beannaithe Tigh Dé nó iomann/amhrán oiriúnach ar bith ó I *nGrá Dé*.

*Déantar an choinneal lasta a thabhairt isteach i rith an amhráin, le cur ina seasamh sa choinnleoir.*

**Ceannaire:** Cuirimid tús inniu le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha. I rith na seachtaine seo beidh na daltaí agus foireann na scoile, na tuismitheoirí agus na seantuismitheoirí, baill na mbord agus pobal an pharóiste ag léiriú do chách, ar bhealaí éagsúla, go bhfuil siad mórtasach as an scoil Chaitliceach atá ina measc.

Is é téama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha i mbliana ná: ‘Scoileanna Caitliceacha: ‘Maireachtáil go Sítheach le Gach ar Chruthaigh Dia’. Iarrtar orainn breathnú ar an tslí mhaireachtála atá againn. Is cuid de gach ar chruthaigh Dia sinn. Má bhímid ag déileáil i gceart linn féin agus leis an saol inár dtimpeall, is féidir linn maireachtáil go sítheach le gach ar chruthaigh Dia.

I rith na seachtaine seo, breathnóimid ar na bealaí inar féidir a leithéid a dhéanamh.

**Léitheoir 1:** Bímid ag maireachtáil go sítheach le gach ar chruthaigh Dia nuair a bhímid ...
*Ardaíonn páistí 1 agus 2 na fógraí 'cineálta' agus 'cairdiúil' agus deir siad na focail sin. Mar mhalairt air, d'fhéadfadh cách na focail a ghlaoch amach os ard.*

**Léitheoir 2:** Bímid ag maireachtáil go sítheach le gach ar chruthaigh Dia nuair a thugaimid ...
*Ardaíonn páistí 3 agus 4 na fógraí 'aire don chomhshaol' agus 'aire dár muintir' agus deir siad na focail sin. Mar mhalairt air, d'fhéadfadh cách na focail a ghlaoch amach os ard.*

**Léitheoir 1:** Bímid ag maireachtáil go sítheach le gach ar chruthaigh Dia nuair a ghabhaimid ...
*Ardaíonn páistí 5 agus 6 na fógraí 'buíochas le Dia' agus 'as gach ar bronnadh orainn' agus deir siad na focail sin. Mar mhalairt air, d'fhéadfadh cách na focail a ghlaoch amach os ard.*

**Léitheoir 2:** Bímid ag maireachtáil go sítheach le gach ar chruthaigh Dia nuair a mhairimid ...
*Ardaíonn páiste 7 an fógra 'ar nós Íosa' agus deir sé/sí na focail sin.*
*Mar mhalairt air, d'fhéadfadh cách na focail a ghlaoch amach os ard.*

**Ceannaire:** Breathnaímis ar na fógraí sin arís. Iarrfaidh mé ar na paistí na fógraí a chur ar taispeáint san áit urnaí le haghaidh Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha. Déanfaimid iarracht i rith na seachtaine na smaointe sin a chur i ngníomh. Glacfaimid leis an dúshlán a thugtar dúinn, feidhmiú mar scoil Chaitliceach agus ceiliúradh a dhéanamh ar an mbealach ina mbíonn gach duine inti ag comhoibriú lena chéile le maireachtáil go sítheach le gach ar chruthaigh Dia. Má bhímid cineálta i mbriathar, i smaointe agus i ngníomhartha, beidh toil Dé á dhéanamh againn. Is féidir linn maireachtáil go sítheach le gach ar chruthaigh Dia má leanaimid dea-shampla Íosa, agus a bheith ag déileáil leis an duine eile díreach mar ba mhaith linn go gcaithfí linn féin.

*Suíonn na ceannairí agus na páistí síos.*

**Idirghuí**
**Ceannaire:** Guímis anois chun an Athar. Is é an freagra ná: 'A Thiarna éist go ceansa linn.'

**Léitheoir 1:** Guímid ar son na dtuismitheoirí: deonaigh go mbeidh siad cineálta cóir, díreach mar a bhíonn Dia ár nAthair ar neamh i gcónaí. A Thiarna éist linn.

**Léitheoir 2:** Guímid ar son na múinteoirí agus foireann leathan na scoile: deonaigh go leanfaidh siad orthu ag cur fáilte mhór roimh chách sa scoil Chaitliceach seo. A Thiarna éist linn

**Léitheoir 3:** Guímid ar son na sagart, na siúracha, na hoibrithe áitiúla agus pobal creidimh an pharóiste: deonaigh go leanfaimid linn ag déanamh aithrise feabhsaithe ar shaol Íosa. A Thiarna éist linn.

**Léitheoir 4:** Guímid ar son na ndaoine atá gan dídean, ar son na n-easlán agus ar son na muintire atá faoi bhrú. Go ndéanfaidh siad teagmháil le grá Dé tríd an bpobal a dhéanann an mhaith. A Thiarna éist linn.

**Léitheoir 5:** Guímid ar son an Phápa Proinsias, ar son an easpaig [ainm], ar son na sagart agus ar son na ndaoine ar fad a scaipeann soiscéal Dé ar fud an domhain. Deonaigh go mbeidh dea-shampla Chríost ina gcroí agus ar intinn acu agus iad i mbun na hoibre a d'iarr Íosa orthu. A Thiarna éist linn.

**Ceannaire:** Guímis an phaidir a bhronn Íosa orainn:
**Ár nAthair atá ar neamh ...**

### Paidir Dheiridh

**Ceannaire:** A Dhia an ghrá agus na trócaire,
tuigimid go mbíonn tú i gcónaí in éineacht linn.
Deonaigh go mbeidh solas Chríost ar lasadh i gcónaí inár gcroí,
agus le sonrú inár gcuid smaointe agus ár gcuid gníomhartha.
Deonaigh go leanfaidh an scoil uirthi mar áit ina mbímid ag feidhmiú
mar phobal a chuireann an soiscéal i ngníomh; ina dtugaimid grá dá
chéile díreach mar a thug tusa grá dúinne. Amen.

*Má bhíonn an sagart i láthair, iarr air an pobal ar fad a bheannú. Mura mbíonn, abair:*

Cuirimid deireadh leis an tráth urnaí, díreach mar a thosaíomar, ag gearradh fíor na Croise, comhartha an chreidimh orainn féin: In ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh. Amen.

### Amhrán Deiridh

*Réir Dé* nó iomann ar bith ó *I nGrá Dé* a bheadh oiriúnach don scoil.

CINEÁLTA CAIRDIÚIL
AIRE DON CHOMHSHAOL
AIRE DÁR MUINTIR
BUÍOCHAS LE DIA
AS GACH AR
BRONNADH ORAINN
MAIR AR
NÓS ÍOSA